# COMHDHÁIL AN GHORTA MHÓIR

## Súil Siar ar an nGorta Mór:

*Comhdháil Chomórtha*



**IMEACHT SAOR IN AISCE**

Ionad Theach na mBocht,
Port Omna, Co. na Gaillimhe
Dáta: Dé Sathairn an 9 Bealtaine
2026 Am: 9am – 5pm

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

OPW

The IRISH WORKHOUSE CENTRE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Súil Siar ar an nGorta Mór: Comhdháil Chomórtha

**Ionad Theach na mBocht, Port Omna, Co. na Gaillimhe**

**Dáta: Dé Sathairn an 9 Bealtaine 2026**

| | |
|---|---|
| **09.00am – 09.20am** | Clárú Tae/Caife |
| **09.20am – 09.30am** | Oscailt Oifigiúil na Comhdhála<br>Leis an gComhairleoir David Collins, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe. |

## Cathaoirleach léachtaí na maidine:

An **Dr Mark McCarthy** Léachtóir Sinsearach & Cathaoirleach Cláir san Oidhreacht, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh.

| | |
|---|---|
| **09.30am – 10.15am** | *From Silence to Commemoration. How should we remember the Great Famine?*<br>Leis an Ollamh Christine Kinealy |
| **10.15am – 11.00am** | *Irish Famine in Contemporary Art: Local History; International Subject*<br>Le Niamh Ann Kelly |
| **11.00am – 11.30am** | Break Tea/Coffee |
| **11.30am – 12.15pm** | *The piper in the poorhouse: Musicians in the aftermath of the Great Famine.*<br>Le Michael Kelly |
| **12.15pm – 1.45pm** | Lón |

Design and printed by KPW Print Ballinasloe.

**Cover:** Kieran Tuohy, Dark Shadows exhibition, photo credit: Kerry Kissane.

## Cathaoirleach léachtaí an tráthnóna:

An **Dr Christy Cunniffe**, Ionad Theach na mBocht, Port Omna

| | |
|---|---|
| **1.45pm – 2.30pm** | *Elite women and philanthropy during Ireland's Great Famine, 1845-52*<br>Le Rebecca O'Regan |
| **2.30pm – 3.15pm** | *The Role of Vice Guardians and the Poor Law during the Great Famine*<br>Leis an Dr Gerard Moran |
| **3.14pm – 3.45 pm** | Tae/Caife |
| **3.15pm – 4.45pm** | **Díospóireacht Phainéil:** An tOllamh Christine Kinealy, Kathleen Villiers-Tuthill agus Dr Cian Moran BL. |
| **4.45pm – 5.00pm** | **Ráiteas clabhsúir** |

### CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL FAOI CHEANN AR BITH DE NA HIMEACHTAÍ THUAS, DÉAN TEAGMHÁIL LE:

**Ionad Theach na mBocht**, Port Omna, Co na Gaillimhe, H53 EK74
Fón: **(090) 975 9200** Ríomhphost: **info@irishworkhousecentre.ie**
Suíomh Gréasáin: **https://irishworkhousecentre.ie/**

nó

**Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe** Ríomhphost: **heritage@galwaycoco.ie**

**https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/national-famine-commemoration-portumna-2026**

Is iad an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Comhairle Chontae na Gaillimhe a mhaoinigh an chomhdháil. Is iad Ionad Theach na mBocht agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe a leag amach é, agus thacaigh roinnt grúpaí pobail agus oidhreachta i gContae na Gaillimhe leis.

# Achoimre ar na Léachtaí

## From Silence to Commemoration.
*How should we remember the Great Famine?*

### leis an Ollamh Christine Kinealy

Tarraingíonn an chaoi a dtugann muid an Gorta Mór chun cuimhne agus an chaoi a gcomórann muid é an-chaint agus conspóid. Cén chaoi ar cheart comóradh poiblí a dhéanamh ar an ócáid seo? Bhí an comóradh céad bliain ar an gcéad uair ar tháinig dúchan ar na bhfataí in Éirinn an-chiúin in 1945, in ainneoin gur thacaigh an Taoiseach, Éamon de Valera leis. Ba bheag a rinne a thacaíocht áfach chun suim a spreagadh i ndaoine an tragóid a chomóradh. Tá Éire anois níos muiníní ná mar a bhí sí leathchéad bliain ó shin ó thaobh na heacnamaíochta, na polaitíochta agus an chultúir de, agus is mór idir an chaoi ar caitheadh leis an lá cuimhneacháin an tráth sin agus an chaoi a gcaitear anois leis. Déanfar a scrúdú sa bpáipéar seo na bealaí éagsúla a ndearnadh an Gorta Mór a chomóradh, ní hamháin in Éirinn ach i measc dhiaspóra na hÉireann ar fud an domhain ar mhúnlaigh an anachain sin iad.

## Irish Famine in Contemporary Art:
*Local History; International Subject*

### le Niamh Ann Kelly

Tá ealaíontóirí ag cur an Ghorta Mhóir, a tharla in Éirinn i lár an naoú haois déag, i láthair ina gcleachtais ealaíne trí réimse meán agus móitífeanna le ceithre scór bliain anuas. Is iomaí dearcadh ealaíne i gceist: cuid acu a chaitheann súil ar an ngné staire a bhaineann leis; cuid eile atá níos dírithe ar neamhbhuanacht na linne seo maidir le slándáil bia. Tháinig méadú ar an méid ealaín phoiblí a bhí dírithe ar théama an Ghorta Mhóir i lár na 1990idí mar gheall ar ócáidí comórtha céad caoga bliain áitiúla agus mar gheall ar an gcultúr cuimhneacháin idirnáisiúnta a bhí ag dul i méid. Bhí diandíospóireachtaí ar siúl in Éirinn freisin ag an am faoi chleachtais chuimhneacháin a fhaigheann tacaíocht phoiblí a mhaoiniú, agus faoi choincheap na mbailiúchán náisiúnta ealaíne agus oidhreachta cultúir. Sa gcomhthéacs sin, tógadh leachtanna cuimhneacháin a maoiníodh go príobháideach don Ghorta Mór in Éirinn agus thar lear araon. Cé go ndearnadh dianphlé ar láithreacha na leachtanna cuimhneacháin agus ar na cineálacha leachtanna a bheadh i gceist, dhírigh ealaíontóirí aonair ar théarma an Ghorta Mhóir, iad ag baint leas as meáin a bhí nua ag an am

agus as formáid sraithe go minic. Leanadh ar aghaidh go caolchúiseach le cleachtais mar mhalairt ar leachtanna cuimhneacháin le linn na tréimhse sin agus, tá níos mó aird dírithe le déanaí ar shaothair ealaíne iltagracha trína scrúdaítear líonraí ocrais agus bia ar na hardáin rannpháirtíochta idirnáisiúnta..

---

## The piper in the poorhouse: *Musicians in the aftermath of the Great Famine*

### le Michael Kelly

I rith an chéid roimh an nGorta Mór, baineadh úsáid as an bpíb uilleann in áit na cruite mar uirlis cheoil náisiúnta ar leith na hÉireann. Tá sé ráite go raibh na píobairí 'chomh flúirseach le sméara dubha i mí Mheán Fómhair' roimh an nGorta Mór. Tháinig laghdú ina dhiaidh sin ar líon na bpíobairí, díreach mar a tharla le líon an daonra i gcoitinne, de réir mar a tháinig méadú ar líon na ndaoine a fuair bás agus ar líon na ndaoine a chuaigh ar imirce, tháinig deireadh leis an bpátrúnacht. Is i dTeach na mBocht a chríochnaigh go leor de na daoine a tháinig slán. Cnuasainm do phíobairí a bhí sa bhfocal 'Bochtaineacht' tar éis píosa. Taobh istigh de chúpla scór bliain, ba é bás seanphíobaire an eachtra a thabharfadh le fios go raibh deireadh ré i ndán do thraidisiún na píobaireachta. Caitear súil sa gcur i láthair seo ar an saol mar a bhí sé ag roinnt de phíobairí na hÉireann agus iad i dTeach na mBocht, ar dhearcadh na n-údarás ina leith agus ar an gceist a bhain lena raibh i ndán don phíobaireacht, an raibh sé chomh gruama agus a tuaradh go minic?

---

## Elite women and philanthropy during Ireland's Great Famine, 1845-52

### le Rebecca O'Regan

Bhí ról lárnach ag mná na scothaicme in obair fóirithinte le linn an Ghorta Mhóir in Éirinn; mar sin féin, is minic a ndéantar dearmad ar an obair a rinne siad agus ar a dtionchar forleathan agus is minic a ndéantar beag is fiú den ról a bhí acu sa stair.

Is é príomhaidhm na cainte seo aird a tharraingt ar an obair dhaonchairdiúil éifeachtach, eagraithe agus fhairsing a rinne mná na scothaicme le linn na tréimhse sin, d'ainneoin na srianta a bhain lena n-inscne in Éirinn le linn ré Victoria. Bainfear leas as scéalta ban sa gcaint, mná amhail an Bhantiarna Dunraven agus an Bhantiarna de Vere a raibh baint acu leis an obair fóirithinte, lena n-áirítear fostaíocht a chur chun cinn, bia agus éadaí a chur ar fáil, agus tabhartais airgeadais.

Mar gheall ar an bhfulaingt fhorleathan in Éirinn agus mar gheall nach raibh an dóthain cúnaimh á fháil ón rialtas, ba mhinic gurbh iad carthanais mhná na scothaicme an t-aon bhealach a bhí ag daoine le maireachtáil, go háirithe mná agus páistí, arb iad ba mheasa a buaileadh de bharr an ghorta. Díreofar ar thaithí saoil na mban sa gcaint seo, trína dtabharfar léargas ar an tionchar a bhí ag an daonchairdeas ar sheasamh na mban i ngach leibhéal den tsochaí. Ag cur leis an litríocht atá ann cheana, déanfar scrúdú ar théamaí an neamhspleáchais agus an tionchair i measc mhná na tíre le linn an Ghorta Mhóir. Chomh maith leis sin, bainfear úsáid as bunfhoinsí amhail dialanna, litreacha agus foilseacháin na linne sin chun aird a tharraingt ar an obair ríthábhachtach a rinne mná den uasaicme agus ar an ról tábhachtach a bhí acu ina bpobail.

---

## The Role of Vice Guardians and the Poor Law during the Great Famine

### leis an Dr Gerard Moran

Nuair a bunaíodh Dlí na mBocht in Éirinn sa mbliain 1838 tugadh an chumhacht agus an t-údarás do bhoird bhardachta a toghadh go háitiúil. Rinneadh an cás go gcinnteodh foras a toghadh go háitiúil go gcoinneofaí rátaí íseal mar go mbeadh na bardaigh freagrach d'íocóirí rátaí a dhéanfadh an chaoi ar éirigh leo a mheas agus a d'fhéadfadh iad a chaitheamh amach tráth an toghcháin. Ba léir sula i bhfad nár fheidhmigh na boird mar a bhí beartaithe agus go raibh fadhbanna in go leor aontas bardaigh ábalta a thoghadh, bardaigh a bheadh in ann na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun íoc as Tithe na mBocht a rith. Bhí roinnt Teach na mBocht ann a bheadh dúnta uilig murach go bhfuair siad cúnamh airgeadais ó roinnt tiarnaí talún áitiúla. Chomh fada siar le 1847, chuir Coimisinéirí Dhlí na mBocht deireadh leis na boird i mBaile an Róba, i gCaisleán an Bharraigh agus i gCathair na Mart, agus chuir siad leasbhardaigh a fuair íocaíocht ina n-áit. Cuireadh deireadh le 38 mbord bardaigh le linn an Ghorta Mhóir agus ceapadh leasbhardaigh chun a ndualgais a chomhlíonadh. Bhí bardaigh thofa freagrach do na híocóirí rátaí ach bhí na leasbhardaigh freagrach do Choimisinéirí Dhlí na mBocht i mBaile Átha Cliath. Thug na leasbhardaigh faoi na feidhmeanna céanna leis na bardaigh thofa agus chinntigh siad gur bailíodh an dóthain rátaí chun oibríochtaí fóirithinte a mhaoiniú i dTithe na mBocht agus chun obair fóirithinte faoin spéir a mhaoiniú nuair a bunaíodh an cineál sin oibre in 1847. Bhí tuairimí i leith na leasbhardaigh measctha: chuir roinnt íocóirí rátaí in aghaidh a gceapacháin; chuir daoine eile fáilte roimh a gceapachán. Is beag taighde agus iniúchadh atá déanta ar ról na leasbhardaigh agus ar an méid a rinne siad le linn thréimhse an Ghorta Mhóir.

# Beathaisnéisí

## An tOllamh Christine Kinealy



Is í an tOllamh Christine Kinealy stiúrthóir bunaidh Institiúid Ghorta Mór na hÉireann in Ollscoil Quinnipiac in Connecticut. Is i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a bhain Christine a PhD amach agus tá an-chuid taighde déanta aici ar Ghorta Mór na hÉireann agus i measc a cuid foilseacháin ar an ábhar tá *This Great Calamity: The Irish Famine 1845-1852* a bhfuil gradaim buaite aici dá bharr agus bronnadh Emmy uirthi as an ról a bhí aici ina Comhairleoir Staire ar an gclár faisnéise *The Great Hunger and the Irish Diaspora*. Bhí Christine i measc an chúigir staraithe a chríochnaigh an chéad siúlóid riamh as Béal na mBuillí go dtí Baile Átha Cliath ar Shlí Náisiúnta an Ghorta Mhóir in 2019.

## Niamh Ann Kelly



Is staraí ealaíne, taighdeoir oidhreachta agus léachtóir í Niamh Ann Kelly. I measc a cuid ábhair spéise taighde tá an chaoi ar caitheadh le healaín agus le hoidhreacht chultúir i mbailiúcháin na n-iarsmalann, i gcleachtais ealaíne agus i dtírdhreacha oidhreachta sa ré iarchoilíneach. Tá caibidlí foilsithe aici i leabhair acadúla agus i gciclipéid ealaíne (RIA/ Yale University Press); tá ailt agus aistí scríofa aici d'irisí ealaíne, d'irisleabhair, do chatalóga taispeántais agus d'fhoilseacháin iarsmalann, agus scríobh sí Imaging the *Great Irish Famine: Representing Dispossession in Visual Culture* (Bloomsbury Academic) agus *Ultimate Witnesses: The Visual Culture of Death, Burial and Mourning in Famine Ireland* (Cló Ollscoile Chorcaí). Is í Ceann Ealaíne agus an Chultúir Fhísiúil i Scoil Ealaíne agus Deartha Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus is í Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann.

## Michael Kelly



D'fhás Michael aníos i dteach lán ceoil i gContae Mhaigh Eo. Bhog sé go Baile Átha Cliath áit a ndeachaigh sé isteach sa státseirbhís agus rinne sé staidéar ina dhiaidh sin ar an stair áitiúil in Ollscoil Mhá Nuad, áit ar bhain sé céim MA amach. Tá an-suim aige i stair na píobaireachta uilleann agus tá sé ag déanamh taighde, ag scríobh agus ag léachtóireacht ar an ábhar le blianta beaga anuas. Foilsíodh an saothar is déanaí uaidh, *The Irishtown Piper: The Life & Musical World of Michael Carney* (1872–1938) of Brooklyn in 2023. Scríobhann sé go rialta do An Píobaire, nuachtlitir Na Píobairí Uilleann. Scríobh sé *Struggle and strife on a Mayo estate, 1833-1903* (Four Courts Press, 2014), staidéar ar an gcaidreamh idir tiarnaí talún agus a gcuid tionóntaí. Tá cónaí air anois i mBearna, Co. na Gaillimhe.



## Rebecca O'Regan

Is mac léinn PhD í Rebecca O'Regan i Scoil na Staire agus na Tíreolaíochta in Ollscoil Luimnigh, faoi mhaoirseacht an Dr Karol Mullaney-Dignam. Tá a cuid taighde dírithe faoi láthair ar an tábhacht a bhaineann le líonraí ban agus le daonchairdeas i ngeilleagar na tuaithe in Éirinn tar éis an Ghorta Mhóir.

## An Dr Gerard Moran



Bhí Gerard Moran ag léachtóireacht i Roinn na Staire in OÉ Gaillimh agus in Ollscoil Mhá Nuad. Tá go leor foilsithe aige ar Éirinn sa 19ú haois, lena n-áirítear *Sending Out Ireland's Poor: Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century* (Dublin, Four Courts Press, 2004), *Fleeing from Famine in Connemara: James Hack Tuke and his Assisted Emigration Scheme in the 1880s* (Dublin, Four Courts Press, 2018) agus is é comheagarthóir *Mayo: History and*

*Society (Dublin, Geography Publication, 2015);* agus na sraithe *Famine Heroes of Ireland's Great Hunger* in éineacht le Christine Kinealy.

## An Dr Mark McCarth




Is Léachtóir Sinsearach & Cathaoirleach Cláir san Oidhreacht, in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh an Dr Mark McCarthy. I measc a chuid foilseachán tá an monagraf *Ireland's 1916 Rising: Explorations of History-Making, Commemoration & Heritage in Modern Times* (Ashgate, 2012; Repr. Routledge, 2016). Is comheagarthóir (I dteannta Bernard O'Hara) agus údar é freisin ar roinnt caibidlí i leabhar dar teideal *Technological Higher Education in the West of Ireland since 1972: Perspectives on the History & Memory of RTC Galway, GMIT, & ATU Galway-Mayo* (Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, 2025).

## Kathleen Villiers-Tuthill



Is scríbhneoir agus staraí í Kathleen Villiers-Tuthill. I measc na saothar atá foilsithe aici tá *Alexander Nimmo & The Western District: Emerging infrastructure in pre-Famine Ireland* (2006), *A Colony of Strangers: The founding and early history of Clifden* (2012) agus *Patient Endurance: The Great Famine in Connemara* (1997). Is as an gClochán di, agus mar aitheantas ar an méid mór atá déanta aici do chúrsaí oidhreachta an chontae, tá dhá Dhámhachtain Oidhreachta faighte aici ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá céim Mháistreachta oinigh sna hEalaíona faighte aici ó OÉ Gaillimh.



## An Dr Cian Moran BL.

Is abhcóide agus oifigeach cabhlaigh é Cian a bhfuil PhD aige sa dlí idirnáisiúnta ó Ollscoil na Gaillimhe. Scríobh sé *The Evolution of Humanitarian Intervention in International Law: From the Ottoman Empire to the Russia-Ukraine War* (De Gruyter Brill, 2025) agus tá roinnt alt acadúil foilsithe aige faoin dlí idirnáisiúnta i bhfoilseacháin amhail an *Nordic Journal of International Law, Articles of War agus Irish Studies in International Affairs*. Chomh maith lena PhD, tá céim Abhcóide ag Cian, tá Máistir Dlíthe aige sa Dlí Idirnáisiúnta, tá Baitsiléir Dlíthe (Onóracha) aige sa dlí, tá Baitsiléir Eolaíochta aige san Eolaíocht Loingseoireachta agus tá dioplóma aige sa nGaeilge.



## An Dr Christy Cunniffe

Tá PhD ag Christy ó Ollscoil na Gaillimhe. Is iad na príomhréimsí spéise atá aige seandálaíocht eaglaise na meánaoise, siombalachas reiligiúnach agus íocónagrafaíocht, an tseandálaíocht tírdhreacha agus seandálaíocht phobail, a bhfuil seandálaíocht an Ghorta Mhóir mar chuid de.

Tá sé ar scor ón ról a bhí aige ina sheandálaí pobail le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is é Stiúrthóir Forbairt Chomhtháite Tuaithe na Gaillimhe Thoir Theas CTR, a chuireann Ionad Theach na mBocht chun cinn agus is coimeádaí deonach é in Iarsmalann Theach na mBocht..